National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Grianghrafadóir
# (Grád Ealaíontóra Shinsearaigh Grafaice)

Tá iarratais á lorg ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar **Ghrianghrafadóir (Grád Ealaíontóra Shinsearaigh Ghrafaigh)** atá lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann – an Roinn Seandálaíochta, Deartha & Grianghrafadóireachta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 a líonadh. Is post Lánaimseartha, Buan é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Cuspóir an Phoist**

Seirbhís tacaíochta grianghrafadóireachta a sholáthar do na rannáin choimeádaithe go léir in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá an post seo riachtanach maidir le riachtanais laethúla ghrianghrafadóireachta an Mhúsaeim a chomhlíonadh, ag cinntiú go gcuirfear seirbhís ghrianghrafadóireachta chomhsheasmhach agus ardchaighdeáin i bhfeidhm ar gach cumarsáid amhairc Ard-Mhúsaem na hÉireann i bhformáid phriontáilte agus i bhformáid dhigiteach araon.

Le grianghrafadóireacht intí, soláthraítear ról ríthábhachtach maidir le hábhar agus réada ó bhailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann a chur i láthair go físiúil, rud a fhágann go mbeidh na déantáin níos inrochtana don phobal. Tá sé sin ar cheann de na bunluachanna eagraíochtúla i bpleananna straitéiseacha Ard-Mhúsaem na hÉireann faoi láthair agus amach anseo.

**TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Tá sé riachtanach go gcomhlánaíonn iarrthóirí foirm iarratais agus go gcuireann siad CV atá cothrom le dáta agus litir chlúdaigh isteach. Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais lámhscríofa.

**Iarraimid go ndéanfar na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach in aon PDF amháin.**

Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Comhlánaigh na doiciméid atá ag teastáil agus nasc le chéile iad in aon PDF amháin mar aon le do CV, do litir mhínithe agus punann de 5 shampla de shaothar.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

## Spriocdháta le haghaidh Iarratais

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00**
**Dé hAoine an 2 Lúnasa 2024**

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

**Ní ghlacfar leis an gcanbhasáil.**